
LEARN

## FÓRAM AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

# Conas tacaíocht airgeadais a thuairisciú



**LEARN** - DISCUSS - CONNECT - SEEK ADVICE

Is uirlis thrasnáisiúnta daonlathais rannpháirtíochta é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) a thugann deis do shaoránaigh an Aontais ceapadh beartais na hEorpa a mhúnlú trí iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh maidir le hábhar a thagann faoi réim a inniúlachta. Déantar é sin trí fheachtas trasnáisiúnta atá dírithe ar 1 mhilliún síniú ar a laghad a fháil laistigh de 12 mhí, agus tairseacha íosta le baint amach i seacht mBallstát ar a laghad. Tá céim an ullmhúcháin ar cheann de na céimeanna is tábhachtaí i bpróiseas TES.

Tógann sé roinnt mhaith ama agus acmhainní chun feachtas TES a eagrú. I measc cuid de na rudaí a theastaíonn, tá cistí, acmhainní daonna, tacaíocht TF, comhairle dlí agus aistriúcháin. **Dírítear sa nóta treorach seo ar thacaíocht airgeadais (agus eile) a thuairisciú le linn shaolré TES.**

Más spéis leat tuilleadh eolais a fháil faoi *conas cistí a thiomsú* do d'fheachtas, léigh an nóta treorach Conas cistí a thiomsú: An feachtas s'agatsa.

## Cén fáth a mbíonn ar eagraithe foinsí tacaíochta agus cistí a dhearbhú?

Trí mhaoiniú agus foinsí tacaíochta a dhearbhú, cinntítear trédhearcacht iomlán i dtaca le gach tionscnamh. Ceanglaítear le Rialachán TES dearbhú maoiniúcháin agus foinsí eile tacaíochta. Go háirithe, ní mór duit eolas soiléir cruinn cuimsitheach a chur ar fáil maidir le gach foinse maoiniúcháin ar mó í ná **€500** in aghaidh an urraitheora. Ní mór an t-eolas sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil TES agus ar shuíomh gréasáin d'fheachtais.

**Cuimhnigh**

Ní mór d’eagraithe maoiniú agus foinsí eile tacaíochta a nochtadh in aghaidh an urraitheora. Má tá sé faighte agat cheana féin, ní mór duit an t-eolas sin a chur ar fáil **agus d’iarratas ar chlárú á chur isteach agat** agus ansin **í a thabhairt cothrom le dáta gach dhá mhí ar a laghad, ag tosú ó dháta cláraithe an tionscnaimh**.

Mar shampla, má thugann urraitheoir tacaíocht airgeadais €260 duit ceithre huaire éagsúla, nuair a sháraítear an tairseach €500, ní mór é sin a thuairisciú laistigh den tréimhse dhá mhí agus déanfar an méid a nuashonrú gach uair tar éis méid airgid ar mó é ná €500 a dhearbhú.  Má thugann urraitheoir tacaíocht airgeadais €260 duit gach 3 mhí, ar an séú mí nuair a sháraíonn an tacaíocht airgeadais €500, ní mór duit í a thuairisciú. I ndeireadh na dála, is é an sprioc atá ann gach foinse tacaíochta agus maoiniúcháin os cionn €500 a thuairisciú a fhéadfaidh tú a fháil ó chlárú do thionscnaimh go dtí go gcuirfear do thionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin.

**LEID**

Cuidíonn sé sin freisin chun go mbreathnóidh do TES inchreidte agus léiríonn sé go bhfuil fíorthacaíocht taobh thiar de.

## Cé a mheastar a bheith ina urraitheoir?

Is urraitheoirí iad seo a leanas:

- **daoine fisiciúla nó dlítheanacha** a sholáthraíonn maoiniú nó tacaíocht ar mó é ná €500;
- **eagraíochtaí/daoine dlítheanacha a sholáthraíonn tacaíocht neamhairgeadais** ar bhonn deonach.

Daoine aonair a chuireann tacaíocht neamhairgeadais ar fáil, cuir i gcás daoine a dhéanann obair dheonach i gcáil phearsanta, ní mheastar gur urraitheoirí iad faoi Rialachán TES agus ní gá an tacaíocht sin a thuairisciú.

**LEID ÚSÁIDEACH**

Coinnigh cuntas cruinn de gach foinse tacaíochta agus maoiniúcháin a fhaigheann tú i gcomhad chun an próiseas tuairiscithe a dhéanamh níos éasca. Ná déan dearmad gurb é an cuspóir atá le gach foinse tacaíochta agus maoiniúcháin a nochtadh trédhearcacht a chinntiú.

## Tuairisciú airgeadais: forléargas

**Agus an iarraidh ar chlárú do TES á tíolacadh**, ní mór do na heagraithe gach *foinse tacaíochta agus maoiniúcháin* a fuarthas cheana féin a dhearbhú sa chuntas d’eagraithe, cuir i gcás:

- *Ainm an urraitheora*
- *An dáta a fuarthas an ranníocaíocht*
- *Cineál*
- *Méid in EUR*
- *Tacaíocht eile*

Ina dhiaidh sin, ní mór an tuairisciú a dhéanamh **gach dhá mhí ar a laghad ó TES a chlárú (féach an amlíne thíos).** Mura bhfuil aon fhoinsí tacaíochta agus/nó maoiniúcháin agat lena dtuairisciú tráth an chlárúcháin, níl le déanamh agat ach ‘Dearbhaím nach bhfuil aon fhoinsí tacaíochta agus/nó maoiniúcháin ag an tionscnamh’ a roghnú.

## Amlíne chun tacaíocht a dhearbhú

**Cás 1**: Má shroicheann do thionscnamh an tairseach 1 mhilliún síniú, ní mór duit maoiniú agus tacaíocht a thuairisciú go dtí go gcuirfear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú.

**TES a chlárú**

Dearbhaigh aon chistiú (más ann dó) agus do Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh á sheoladh isteach agat lena chlárú

**An tréimhse chun sínithe a bhailiú (12 mhí)**

Déan maoiniú a nuashonrú gach 2 mhí

**TES a thíolacadh**

Lean den mhaoiniú a nuashonrú go dtí go gcuirfear do TES faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go hoifigiúil

**Cás 2**: Mura sroicheann do thionscnamh an tairseach 1 mhilliún síniú, ní mór duit maoiniú agus tacaíocht a thuairisciú go dtí deireadh na tréimhse bailithe sínithe.

**TES a chlárú**

Dearbhaigh aon chistiú (más ann dó) agus do Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh á sheoladh isteach agat lena chlárú

**An tréimhse chun sínithe a bhailiú (12 mhí)**

Déan maoiniú a nuashonrú gach 2 mhí

**Deireadh na tréimhse bailithe sínithe**

Stad de mhaoiniú a dhearbhú

## Conas foinsí nua tacaíochta agus maoinithe a nuashonrú agus a chur leis

Faigheann eagraithe *meabhrúchán uathoibríoch* ina gcuntas d'eagraithe chun an t-eolas maidir le maoiniú agus tacaíocht a nuashonrú. Chun foinsí nua maoiniúcháin agus tacaíochta a chur leis, ní mór don eagraí cliceáil ar '**maoiniú a nuashonrú**' faoin táb '**Mo Thionscnamh**' sa roghchlár ar thaobh na láimhe clé den chuntas d'eagraithe.

Ar an **leathanach 'Tacaíocht agus Maoiniú'**, cuir isteach sonraí an urraitheora, i.e. ainm an urraitheora, an dáta agus an méid in EUR. Ansin roghnaigh an cineál urraitheora: Eagraíocht nó urraitheoir príobháideach. Más **eagraíocht** é an t-urraitheoir, roghnaigh 'Eagraíocht' agus cliceáil ar 'Cuir urraitheoir leis' chun an t-eolas a chur leis an liosta.

I gcás **urraitheoirí príobháideacha**, tá an rogha agat ainm an urraitheora phríobháidigh a thaispeáint nó a cheilt. Má tá ainm an urraitheora ar fáil go poiblí, cuir isteach sonraí an urraitheora, i.e. ainm an urraitheora, an dáta agus an méid in EUR. Ansin roghnaigh 'Poiblí'. Nuair a bheidh an t-eolas ar fad líonta isteach, cliceáil ar 'Cuir an t-urraitheoir leis' chun an t-eolas a chur leis an liosta.

Chun an t-**urraitheoir príobháideach a anaithnidi**ú, ní gá ach na céimeanna céanna a rinneadh roimhe seo a dhéanamh arís, agus 'Anaithnidithe' a roghnú in ionad 'Poiblí'. Arís, cliceáil ar 'Cuir urraitheoir leis' chun an t-eolas a chur le liosta na n-urraitheoirí.

Tá tuilleadh eolais maidir le hainmneacha urraitheoirí príobháideacha a fhoilsiú le fáil anseo: Beartas príobháideachais maidir le sonraí pearsanta eagraithe tionscnaimh ó na saoránaigh i gClár TES (europa.eu)

**Cuimhnigh**

Ní mór tacaíocht nach bhfuil cainníocht eacnamaíoch aici (foinsí eile tacaíochta) a thugann Eagraíocht a thuairisciú freisin. Chun é sin a thuairisciú, cuir isteach ***ainm an urraitheora*** a bhfuil an tacaíocht sin nach bhfuil cainníocht eacnamaíocht aici á cur ar fáil, roghnaigh '***Eagraíocht***' agus tabhair ***cur síos gearr*** ar an tacaíocht. Mura bhfuil dóthain spáis ar fáil sa réimse chun an t-eolas is mian leat a thabhairt a chur isteach, tá an rogha agat doiciméad a uaslódáil.

Taispeánfar gach foinse maoiniúcháin agus gach foinse tacaíochta eile a thuairiscíonn tú i dtábla ar an leathanach '**tacaíocht agus cistí**' de chuntas na n-eagraithe (mar a thaispeántar sa tábla thíos).

| Ainm an urraitheora | Dáta | Cineál | Infheictheacht | Méid in EUR |
|---|---|---|---|---|
| Ainm an urraitheora | 05/04/2024 | Eagraíocht | Poiblí | 1,000 |
| Ainm an urraitheora | 15/04/2024 | Urraitheoir príobháideach | Anaithnidithe | 510 |
| Ainm an urraitheora | 20/05/2024 | Urraitheoir príobháideach | Anaithnidithe | 510 |
| Ainm an urraitheora | 10/06/2024 | Eagraíocht | Poiblí | 650 |

Nuair a bheidh na hurraitheoirí go léir don tréimhse dhá mhí curtha leis, dearbhaigh gur léigh tú an ráiteas príobháideachais agus **déan iarratas ar bhailíochtú**.

A luaithe a bheidh do chuid eolais nua maidir le maoiniú agus foinsí tacaíochta bailíochtaithe, taispeánfar an t-eolas ar shuíomh gréasáin TES, agus ar leathanach oifigiúil do TES, mar a léirítear sa sampla thíos.

**Foinsí maoiniúcháin**

An nuashonrú is déanaí: 17/06/2024

| **Ainm an urraitheora** | **Dáta[1]** | **Méid in EUR[2]** |
|---|---|---|
| Eagraíocht A | 05/04/2024 | 1,000 |
| Urraitheoir Príobháideach (anaithnidithe)[3] | 15/04/2024 | 510 |
| Eagraíocht B | 20/05/2024 | 550 |
| Ainm an urraitheora (feiceálach) | 10/06/2024 | 650 |

Méid iomlán na tacaíochta agus an mhaoiniúcháin: €2,710.00

(1) An dáta a fuarthas an ranníocaíocht. I gcás ranníocaíochtaí comhchineáil, an dáta a cuireadh tús leis na ranníocaíochtaí comhchineáil.

(2) Méid iarbhír an mhaoiniúcháin a cuireadh ar fáil nó meastachán ar ranníocaíocht comhchineáil.

(3) Níor foilsíodh an t-ainm i ngeall gur roghnaigh an t-urraitheoir príobháideach fanacht anaithnid.

**Foinsí eile tacaíochta**

An nuashonrú is déanaí: 1.6.24

| Ainm an urraitheora | Dáta[4] | Cur síos |
|---|---|---|
| Eagraíocht A | 05/04/2024 | Cur síos ar an ranníocaíocht |
| Eagraíocht B | 20/05/2024 | Cur síos ar an ranníocaíocht |

(4) An dáta a fuarthas an aighneacht nó i gcás tréimhse nuair a thosaigh sé.

Le feiceáil conas a thaispeánfaí an t-eolas faoi fhoinsí tacaíochta agus maoiniúcháin ar leathanach oifigiúil TES, féach samplaí de TESanna a bhí ann le déanaí:

- An Eoraip Saor ó Fhionnadh
- Vótálaithe gan Teorainneacha

**An bhfuil aon cheist agat faoi thuairisciú airgeadais? Cuir ceist ar ár saineolaithe ar Fhóram TES!**

## Ceisteanna Coitianta

### Cad a tharlaíonn do na cistí a bhailítear ar lú iad ná €500?

Ní gá duit aon chistí a bhailítear ar lú iad ná €500 a thuairisciú.

## An gá dúinn eagraíocht neamhrialtasach (ENR) nó eintiteas dlíthiúil a bhunú? Cén cuntas bainc ar féidir le daoine síntiús a aistriú chuige? An féidir é a aistriú chuig ár gcuntas bainc ENR?

Ní aon cheanglas ann eintiteas dlíthiúil a bhunú. Is féidir le do ENR a bheith ar an bpríomhchomhordaitheoir taobh thiar de TES. Ní hionann an chaoi a ndéanann gach TES é. Is féidir leat eintiteas dlíthiúil a bhunú do do TES más mian leat. Is é an buntáiste a bhaineann le heintiteas dlíthiúil a bhunú gurb é an t-eintiteas dlíthiúil a bhainistíonn an tionscnaimh go dlíthiúil, na gnéithe cosanta sonraí san áireamh, in ionad an ionadaí. Tabharfar sainordú don ionadaí gníomhú thar ceann an eintitis dhlíthiúil.

Is féidir leat cuntas bainc ar bith a úsáid nó cuntas bainc nua a oscailt de réir mar is gá duit. Is féidir leat do chuntas bainc ENR a úsáid le haghaidh tabhartais, ach déan cinnte súil a choinneáil ar na cistí.

## An gá dúinn cuntas bainc a oscailt le haghaidh tabhartas amháin? Cén próiseas atá ann?

Ba cheart duit dlíthe an Bhallstáit a cheadú agus féachaint cén próiseas atá ag do bhanc chun cuntas bainc a oscailt le haghaidh tabhartas amháin.

## Cén chaoi a ndéanaimid tacaíocht airgeadais a thuairisciú nuair a chuireann an eagraíocht chéanna cistí ar fáil ó oifigí in dhá Bhallstát éagsúla?

Sa chás sin (mar shampla, nuair a sholáthraíonn Eagraíocht X ón mBeilg €1000 de chistiú agus nuair a sholáthraíonn oifig Ghearmánach na heagraíochta céanna €600), ní mór duit an méid cistiúcháin le haghaidh gach brainse tíre a thuairisciú ar leithligh fiú más codanna den eagraíocht chéanna iad. Mar sin, dhéanfá €1,000 a thuairisciú ó Eagraíocht X sa Bheilg, agus €600 ó Eagraíocht X sa Ghearmáin. Féach leathanach gréasáin an tionscnaimh Sábháiltear Cosmaidí Neamhchruálacha lena fháil amach conas a thuairiscigh siad tacaíocht airgeadais ó bhrainsí na heagraíochta céanna atá lonnaithe in dhá Bhallstát éagsúla.

## Cad a tharlaíonn má chuireann Eagraíocht Z sa Fhrainc maoiniú €300 ar fáil agus má thairgeann Eagraíocht Z sa Pholainn maoiniú €300 laistigh den tréimhse tuairiscithe 2 mhí?

Ní mór duit méid an maoiniúcháin le haghaidh gach tíre a thuairisciú ar leithligh, fiú más brainsí den eagraíocht chéanna iad. Ó tharla, sa chás sin, gur lú na méideanna ná an tairseach €500, ní gá duit iad a thuairisciú. Mar sin féin, má tháirgeann na brainsí náisiúnta méideanna breise, beidh ort an méid foriomlán in aghaidh na tíre a thuairisciú má mó é ná €500.

## Mura n-éiríonn liom 1 mhilliún síniú a bhailiú, cén uair is ceart dom stopadh de thuairisciú a dhéanamh?

Mura n-éiríonn leat an tairseach 1 mhilliún síniú a bhaint amach, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse tuairiscithe in éineacht le deireadh na tréimhse bailithe sínithe. I gcás nach dtarlaíonn sé sin, ní mór duit leanúint de thuairisciú a dhéanamh go dtí go gcuirfear do TES faoi bhráid an Choimisiúin.